2024/2846

6.11.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/2846 ÓN gCOMHAIRLE

## an 5 Samhain 2024

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1), Airteagal 41(2), Airteagal 42(4) agus Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint, a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022, iarradh go ndéanfaí athmheasúnú faoi 2023 ar raon feidhme agus ar shainiú na gcostas coiteann chun an dlúthpháirtíocht a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht i misin agus in oibríochtaí míleata a spreagadh, chomh maith le costais a bhaineann le freacnaimh, i bhfianaise freisin tograí maidir le hAcmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais.

(2) Phléigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tograí beartais gaolmhara le haghaidh an athmheasúnaithe le linn 2023 agus 2024.

(3) Sna conclúidí uaithi a glacadh an 27 Bealtaine 2024, meabhraíodh don Chomhairle an gealltanas go leathnófaí agus go gcuirfí síneadh le raon feidhme na gcostas coiteann do mhisin agus oibríochtaí míleata an Aontais, d'fhreachnaimh mhíleata an Aontais agus d'Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais, agus bhí sí ag tnúth lena oibríochtú a luaithe is féidir.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad in Airteagal 4, pointe (g):

'(g) ciallaíonn "freachnamh" freachnamh míleata CBSC de chuid an Aontais nó an ghné mhíleata d'fhreachnamh sibhialtach CBSC, arna chomhaontú i gClár Freachnamh agus Gníomhaíochtaí Gaolmhara an Aontais faoi CBES agus arna dhéanamh i gcomhréir le Beartas Freachnamh an Aontais Eorpaigh faoi CBES.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 44, mír 7:

'7. Sa bhreis ar a chumhacht faoi phointe (c) de mhír 2, féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, i bhfianaise na n-imthosca ar leith, go gcaithfear le costais incriminteacha áirithe sa bhreis orthu sin a liostaítear in Iarscríbhinní II go V mar chostais choiteanna i leith oibríocht áirithe.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:

'*Airteagal 45*

**Freachnamh**

1. Maoineofar costais choiteanna le haghaidh fhreachnaimh an Aontais trí bhíthin na Saoráide de réir na rialacha agus na nósanna imeachta atá comhchosúil leo sin le haghaidh na n-oibríochtaí lena rannchuidíonn na Ballstáit uile, agus suas le méid a chinnfidh an Coiste le haghaidh gach cineáil freachnaimh, go háirithe le haghaidh Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais (RDC an Aontais), agus an Clár Freachnamh agus Gníomhaíochtaí gaolmhara an Aontais faoi CBES arna chomhaontú á gcur san áireamh. Féadfar an méid sin a shárú ar bhonn cás ar chás, má cheadaíonn an Coiste é agus buiséad an fhreachnaimh á fhormheas aige.

2. Faoi réir mhír 3, is é a bheidh sna costais choiteanna freachnaimh sin na costais a áirítear in Iarscríbhinn IV is infheidhme maidir leis an gcineál oibríochta a ionsamhlaítear sa fhreachnamh.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102 24.3.2021, lch. 14).

3. I gcás an chaiteachais seo a leanas, cumhdóidh na costais freachnaimh dá dtagraítear i mír 2:

(a) mionoibreacha agus oibreacha sealadacha oibreacha imscartha/bonneagair shealadaigh: caiteachas fíor-riachtanach don cheanncheathrú sealadach agus do na fórsaí sealadacha atá rannpháirteach sa fhreachnamh chun a chuspóir a bhaint amach, má fhormheasann an Coiste iad;

(b) céim pleanála agus ullmhúcháin na bhfreachnamh, lena n-áirítear an oiliúint riachtanach is gá don fhreachnamh, go háirithe oiliúint d'oibreoirí Phacáistí In-imscartha an Aontais agus do shaineolaithe airgeadais arna n-ainmniú chun páirt a ghlacadh sa fhreachnamh;

(c) iompar le haghaidh imscartha agus ath-imscartha chuig láthair na n-oibríochtaí, agus ó láthair na n-oibríochtaí, le haghaidh freachnaimh RDC an Aontais (lena n-áirítear Buíonta Catha an Aontais, na cumasóirí straitéiseacha agus na modúil), faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Cuid A, mír 3 a bhaineann le hoibríochtaí RDC an Aontais suas le méid a bheidh i gcomhréir leis an rogha is costéifeachtaí, de réir chinneadh an Choiste. Agus an cinneadh á dhéanamh ag an gCoiste, cuirfear an plé is infheidhme maidir le treoshuíomh straitéiseach sa Choiste Polaitiúil agus Slándála san áireamh, ag díriú ar ghnéithe oibríochtúla agus airgeadais, agus déanfar an cinneadh in am chun aird chuí a thabhairt ar phróiseas tiomsaithe fórsaí an fhreachnaimh.

4. Féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, i bhfianaise imthosca ar leith, go measfar gur costais choiteanna iad costais incriminteacha áirithe seachas na costais sin dá dtagraítear san Airteagal seo le haghaidh freachnamh ar leith, go háirithe le haghaidh RDC an Aontais.';

(4) in Iarscríbhinn IV, Cuid A, faoi cheannteideal 2:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Seirbhísí agus saoráidí leighis: aslonnuithe leighis éigeandála (Medevac) agus mar fhreagairt ar phaindéimí. Seirbhísí agus saoráidí ról 2 agus 3 ar leibhéal na gné de láthair na n-oibríochtaí, mar shampla aerfoirt agus calafoirt díbhordála arna bhformheas san OPLAN. Seirbhísí agus saoráidí ról 1 do mhisin neamhfheidhmiúcháin mhíleata.';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(e) Seirbhísí cosanta fórsaí agus seirbhísí slándála fíor-riachtanacha: cóiríocht na bhfoirne cosanta fórsaí a chuirtear ar fáil do mhisin mhíleata neamhfheidhmiúcháin.';

(5) in Iarscríbhinn V, CUID A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal 3:

'3. Costais incriminteacha a bhaineann go sonrach le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais, lena n-áirítear Cathghrúpa an Aontais, na cumasóirí straitéiseacha agus na modúil.

Is iad na costais a shainítear thíos na costais bhreise arna dtabhú mar thoradh ar imscaradh agus ath-imscaradh acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais chuig láthair na n-oibríochtaí agus ó láthair na n-oibríochtaí:

(a) Costais iompair maidir le himscaradh: costais incriminteacha iompair le haghaidh imscaradh ar tír, ar muir agus san aer d'acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais ar gearrfhógra chuig limistéar comhpháirteach na n-oibríochtaí i gcomhréir le Creat Acmhainneachta Mear-Imscartha an Aontais a áirítear i gCoincheap Mearfhreagartha Míleata an Aontais agus ar bhonn Gníomh an 29 Bealtaine 2012 ón gCoiste Speisialta agus na Rátaí Cothroma Aisíocaíochta is infheidhme maidir le Buíonta Catha an Aontais a imscaradh (11806/12, arna fhormheas ag an gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012), a bheidh infheidhme freisin maidir leis na cumasóirí straitéiseacha agus na modúil arna n-imscaradh. Ní bheidh na costais tíre agus mhara maidir le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais a imscaradh incháilithe mar chostais choiteanna ach amháin i gcás inarb é sin an rogha is costéifeachtaí agus ar choinníoll gur féidir na hamlínte ceangailteacha maidir le himscaradh d'acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais a chomhlíonadh leo.

(b) Costais reatha: costais incriminteacha do sheirbhísí atá ríthábhachtach chun tacaíocht dhíreach a thabhairt d'imscaradh acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais ag pointí iontrála aeir agus/nó muirí agus ag limistéir lóistíochta agus thionóil, go háirithe ach gan a bheith teoranta do stóráil dhaingnithe trealaimh agus soláthairtí, seirbhísí agus saoráidí Ról 1, cóiríocht chodlata, sláintíocht (saoráidí níocháin, cithfholctha, leithris), saoráidí itheacháin, diúscairt dramhaíola, tacaíocht ghinearálta innealtóireachta.

(c) Pacáiste ullmhachta d'imscaradh: costais incriminteacha do bhia, uisce agus breosla le haghaidh suas le 10 lá soláthair le haghaidh acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais ina hiomláine, mar a formheasadh in OPLAN.

(d) Costais iompair maidir le hath-imscaradh: costais incriminteacha maidir le hiompar pearsanra in acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais ó láthair na n-oibríochtaí ar tír, ar muir nó san aer ar mhaithe le hath-imscaradh. Ní chuirfear san áireamh mar chostais choiteanna ach an rogha iompair is costéifeachtaí.';

(6) in Iarscríbhinn IV, CUID C:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Beairic, lóistín/bonneagar agus spás oifige: caiteachas ar áitreabh a fháil, a fhruiliú nó a athchóiriú ar láthair na n-oibríochtaí (foirgnimh, foscadáin, pubaill) de réir mar is gá do na fórsaí arna n-imscaradh le haghaidh na hoibríochta.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) Costais iompair an ath-imscartha: costais incriminteacha maidir le hiompar acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais, na cumasóirí straitéiseacha agus na modúil, ó láthair na n-oibríochtaí ar tír, ar muir nó san aer ar mhaithe le hath-imscaradh. Ní chuirfear san áireamh mar chostais choiteanna ach an rogha iompair is costéifeachtaí.’;

(c) cuirtear na pointe seo a leanas léi:

‘(i) Trealamh breise riachtanach, go háirithe maidir le slándáil (mar shampla geataí, túir faire, bóthar rochtana, fálta), agus athchóiriú bunúsach ar shaoráidí oiliúna ar láthair na n-oibríochtaí, atá riachtanach do na fórsaí arna n-imscaradh le haghaidh misin mhíleata neamhfheidhmiúcháin.

(j) Iompar laistigh de láthair na n-oibríochtaí do na fórsaí arna n-imscaradh le haghaidh misin mhíleata neamhfheidhmiúcháin, lena n-áirítear do na foirne cosanta fórsaí.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

VARGA M.